



An Bhruiséil, 14 Eanáir 2026
(OR. en)

16668/25
PV CONS 69
TRANS 637
TELECOM 471
ENER 669
PARLNAT

DRÉACHT-MHIONTUAIRISCÍ

COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH
(Iompar, Teileachumarsáid agus Fuinneamh)

4 agus 5 Nollaig 2025

CRUINIÚ DÉARDAOIN, AN 4 NOLLAIG 2025

1. An clár oibre a ghlacadh


Ghlac an Chomhairle an clár oibre a leagtar amach in 16020/25.

IOMPAR

Plé reachtach


(Plé poiblí i gcomhréir le hAirteagal 16(8) den Chonradh ar an Aontas Eorpach)

Talamh

2. **Treoir lena leasaítear Treoir 96/53/CE ón gComhairle lena leagtar síos na toisí údaraithe uasta agus na meáchain údaraithe uasta le haghaidh feithiclí bóthair áirithe**  15611/25 + ADD 1 REV 2
Cur chuige ginearálta

Tháinig an Chomhairle ar chur chuige ginearálta maidir leis an Treoir lena leasaítear Treoir 96/53/CE ón gComhairle lena leagtar síos na toisí údaraithe uasta agus na meáchain údaraithe uasta le haghaidh feithiclí bóthair áirithe mar a leagtar amach sna doiciméid thuas.

Thíolaic an Bheilg, an Ghearmáin agus an Phortaingéil, in éineacht leis an Spáinn, ráitis, mar a leagtar amach san Iarscríbhinn iad.

3. **Pacáiste ródacmhainneachta** 
- (a) **Treoir maidir le tástálacha tréimhsiúla ródacmhainneachta (lena leasaítear Treoir 2014/45/AE) agus maidir le hiniúchtaí teicniúla cois bóthair (lena leasaítear Treoir 2014/47/AE)** 15613/25 + ADD 1
- (b) **Treoir maidir le doiciméid chlárúcháin le haghaidh feithiclí agus sonraí clárúcháin feithiclí (lena n-aisghairtear Treoir 1999/37/CE)** 15615/25 + ADD 1-2 + ADD 3 REV 1
Cur chuige ginearálta

Tháinig an Chomhairle ar chur chuige ginearálta maidir leis an dá thogra ón bpacáiste ródacmhainneachta mar a leagtar amach sna doiciméid thuas.

Thíolaic an Bheilg, an Ghearmáin agus an Laitvia ráitis, mar a leagtar amach san Iarscríbhinn iad.

4. Formheas na míreanna ‘A’

Liosta neamhrechtach

16129/25

Ghlac an Chomhairle gach mír ‘A’ a liostaítear sa doiciméad thuas, lena n-áirítear gach doiciméad teanga COR agus REV a tíolacadh lena nglacadh.

Aon ghnó eile

5. (a) Staid na himeartha maidir le Creat Glan-Nialasachta na hEagraíochta Muirí Idirnáisiúnta
Faisnéis ón Uachtaránacht 15937/1/25 REV 1

- (b) **Tograí reachtacha reatha** (Plé poiblí i gcomhréir le hAirteagal 16(8) den Chonradh ar an Aontas Eorpach)



Rialachán lena mbunaítear an tSaoráid um Chónascadh na hEorpa
Faisnéis ón Uachtaránacht

11711/25 + ADD 1

Thug an Chomhairle dá haire an fhaisnéis a chuir an Uachtaránacht ar fáil.

- (c) **Dearbhú ón Uachtaránacht maidir le ‘Iomaíochas iarnróid a bhaint amach trí chostais theicniúla agus riaracháin a chiorrú trí chomhchuibhiú agus imscaradh Eorpach’**
Faisnéis ón Uachtaránacht



16111/25

Thug an Chomhairle dá haire an fhaisnéis a chuir an Uachtaránacht ar fáil.

- (d) **Tograí reachtacha reatha** (Plé poiblí i gcomhréir le hAirteagal 16(8) den Chonradh ar an Aontas Eorpach)



Pacáiste soghluaisteachta míleata
Cur i láthair ón gCoimisiún



15793/25

15794/25 + ADD 1


Thug an Chomhairle dá haire an cur i láthair ón gCoimisiún.

- (e) **Plean infheistíochta um an iompar inbhuanaithe**  15021/25
Faisnéis ón gCoimisiún

Thug an Chomhairle dá haire an fhaisnéis a chuir an Coimisiún ar fáil.

- (f) **Tograí reachtacha reatha** (Plé poiblí i gcomhréir  
le hAirteagal 16(8) den Chonradh ar an Aontas Eorpach)
- (i) **Rialachán maidir le cuntasáocht a dhéanamh ar astaíochtaí gás ceaptha teasa seirbhísí iompair** 11821/23
- (ii) **Rialachán maidir le cearta aerphaisinéirí** 7615/13
- (iii) **Rialachán maidir le forfheidhmiú ceart paisinéirí san Aontas** 16284/23 +ADD 1
- (iv) **Rialachán maidir le cearta paisinéirí i gcomhthéacs turas ilmhódach** 16307/23 + ADD 1
- (v) **Rialachán maidir leis an toilleadh bonneagair iarnróid a úsáid sa limistéar Eorpach aonair iarnróid, lena leasaítear Treoir 2012/34/AE agus lena n-aisghairtear Rialachán (AE) Uimh. 913/2010** 11718/23 + ADD 1
- (vi) **Leasú spriocdhírthe ar Threoir 1999/62/CE maidir le hEoraifínéad** 10936/25
Faisnéis ón Uachtaránacht

Thug an Chomhairle dá haire an fhaisnéis a chuir an Uachtaránacht ar fáil.

- (g) **Idirphlé Ardleibhéil atá ar na bacáin i nGrúpa Leasa Choitinn 4 don Úcráin an Fhóraitm Iompair Idirnáisiúnta chomh maith le bunú an Chiste Tacaíochta Iompair don Úcráin faoin tionscnamh seo**  15704/25
(Stócólm, an 17 Feabhra 2026)
Faisnéis ón tSualainn

Thug an Chomhairle dá haire an fhaisnéis a chuir an tSualainn ar fáil.

- (h) **Glaob ar ghníomhaíocht maidir leis na héifeachtaí diúltacha a bhaineann le leathnú aonfhoirmeach CTA AE chuig seirbhísí muiriompair** ☐ 16016/1/25 REV 1
Faisnéis ón nGréig, ón Iodáil agus ó Mhálta

Thug an Chomhairle dá haire an fhaisnéis a chuir an Ghréig, an Iodáil agus Málta ar fáil.

- (i) **Dearbhú comhpháirteach maidir leis na dúshláin a bhaineann le bonneagar luchtaithe d'fheithiclí tromshaothair** ☐ 15859/25
Faisnéis ón mBulgáir, ón Eastóin, ón bhFionlainn, ón Iodáil, ón Laitvia, ón bPolainn, ón Rómáin, ón tSeicia, ón tSlóvaic agus ón Ungáir

Thug an Chomhairle dá haire an fhaisnéis a chuir an Bhulgáir, an tSeicia, an Eastóin, an Fhionlainn, an Ungáir, an Iodáil, an Laitvia, an Pholainn, an Rómáin agus an tSlóvaic ar fáil.

- (j) **Tacú leis an éileamh atá ann ar fheithiclí leictreacha trí rialacha uailmhianacha maidir le flíteanna corparáideacha a ghlású** ☐ 16138/25
Faisnéis ón bhFrainc

Thug an Chomhairle dá haire an fhaisnéis a chuir an Fhrainc ar fáil.

- (k) **Beartas Eorpach maidir le Gairis Soghluaisteachta Pearsanta** ☐ 16092/1/25 REV 1
Faisnéis ón Ísiltír, le tacaíocht ón mBeilg, ón nGearmáin, ón nGréig, ó Éirinn, ón bhFionlainn, ón Laitvia, ón Liotuáin, ón Lucsamburg, ón bPolainn, ón bPortaingéil, ón Rómáin, ón tSeicia ón tSlóvaic, ón tSlóivéin agus ón Ungáir

Thug an Chomhairle dá haire faisnéis a chuir an Ísiltír ar fáil, le tacaíocht ón mBeilg, ón nGearmáin, ón nGréig, ó Éirinn, ón bhFionlainn, ón Laitvia, ón Liotuáin, ón Lucsamburg, ón bPolainn, ón bPortaingéil, ón Rómáin, ón tSeicia, ón tSlóvaic, ón tSlóivéin agus ón Ungáir.

- (l) **Plean gníomhaíochta um iarnróid ardluais** ☐ 14984/25
Faisnéis ón gCoimisiún

Thug an Chomhairle dá haire an fhaisnéis a chuir an Coimisiún ar fáil.

- (m) **Comhdháil 2026 ar Thaighde Iompair
(Búdaipeist, an 18 go dtí an21 Bealtaine 2026)**
Faisnéis ón Ungáir

15850/25

Thug an Chomhairle dá haire an fhaisnéis a chuir an Ungáir ar fáil.

- (n) **Simpliú ar riarachán a chur chun cinn agus an
tslándáil a neartú in earnáil na ndrón sibhialta**
*Faisnéis ón mBeilg, ón mBulgáir, ón gCróit, ón Eastóin,
ón nGréig, ón Laitvia, ón Liotuáin, ó Lucsamburg,
ó Mhálda, ón bPolainn, ón Rómáin, ón tSeicia, ón tSlóvaic,
ón tSlóivéin agus ón Spáinn*

16054/2/25 REV 2

Thug an Chomhairle dá haire an fhaisnéis a chuir an Bheilg, an Bhulgáir, an Chróit,
an Eastóin, an Ghréig, an Laitvia, an Liotuáin, Lucsamburg, Málta, an Pholainn, an Rómáin,
an tSeicia, an tSlóvaic, an tSlóivéin agus an Spáinn ar fáil.

- (o) Cur isteach arís agus arís eile ar eitlíocht sibhialta de
bharr aerárthaí gan foireann (ladrainn) agus balúin
smuigleála de thionscnamh tríú tíortha
*Faisnéis ón mBeilg ón Eastóin, ón bhFionlainn,
ón Laitvia, ón Liotuáin agus ón bPolainn*

15777/1/25 REV 1

- (p) Dálaí cothroma athléimneacha a áirithiú d'earnáil iarnróid
na hEorpa
*Faisnéis ón bhFrainc agus ón Ostair, le tacaíocht
ón gCróit agus ón bPortaingéil*

16103/1/25 REV 1

- (q) Clár Oibre na hUachtaránachta nua
Faisnéis ón gCipir


CRUINNÍÚ DÉ hAOINE, AN 5 NOLLAIG 2025

TEILEACHUMARSÁID


Gníomhaíochtaí neamhrechtacha

6. **Conclúidí maidir le hIomaíochas Eorpach sa Deacáid Dhigiteach**  15143/1/25 REV 1
Formheas

D'fhorghabháil an Chomhairle 'Conclúidí maidir le hIomaíochas Eorpach sa Deacáid Dhigiteach'. Rinne na hairí idirghabháil le tacaíocht iomlán a thabhairt, agus na conclúidí ón gComhairle Eorpach an 23 Deireadh Fómhair 2025 á meabhrú don Fhrainc, agus chuir siad in iúl, cé go gcuireann siad i gcoinne mothúcháin leithlisithe nó caomhnaitheachta, gur cheart don Aontas a shoiléiriú gur mian leis spleáchais a laghdú agus a neamhspleáchas straitéiseach a mhéadú, chun críoch iomaíochais agus slándála araon, agus, ar an gcaoi sin, an seasamh sin a léiriú ar bhealach níos iomchuí ina léirithe.



7. **An simpliú agus an digiteáil: Na hualaí ar ghnólachtaí sa réimse digiteach a laghdú**  15145/1/25 REV 1
Seisiún tuairimíochta

Bhí seisiún tuairimíochta ag an gComhairle maidir leis an simpliú agus an digiteáil: na hualaí ar ghnólachtaí sa réimse digiteach a laghdú.

8. **Forfheidhmiú an Ghnímh um Sheirbhísí Digiteacha maidir le hardáin ar líne agus maidir leis an ríomhthráchtáil**  15594/25
Seisiún tuairimíochta

Bhí seisiún tuairimíochta ag an gComhairle i ndáil le forfheidhmiú an Ghnímh um Sheirbhísí Digiteacha maidir le hardáin ar líne agus maidir leis an ríomhthráchtáil.


Aon ghnó eile

9. (a) **Tograí reachtacha reatha** (Plé poiblí i gcomhréir le hAirteagal 16(8) den Chonradh ar an Aontas Eorpach)  

Tiachóga le haghaidh Ghnó na hEorpa
Faisnéis ón Uachtaránacht

15701/25 + ADD 1

Thug an Chomhairle dá aire an fhaisnéis a chuir an Uachtaránacht ar fáil.

- (b) **Samhail chistiúcháin an údaráis rialála náisiúnta agus freagrachtaí digiteacha leathnaithe á gcur san áireamh inti**  16095/25
Faisnéis ón bPortaingéil

Thug an Chomhairle dá aire an fhaisnéis a chuir an Phortaingéil ar fáil.

- (c) **Dearbhú maidir le Ceannasacht Dhigiteach Eorpach** 15781/25
Faisnéis ón Ostair

Thug an Chomhairle dá haire an fhaisnéis a chuir an Ostair ar fáil.

- (d) **Cruinniú Mullaigh maidir le Ceannasacht Dhigiteach Eorpach (Beirlín, an 18 Samhain 2025)** 16186/25
Faisnéis ón bhFrainc agus ón nGearmáin

Thug an Chomhairle dá haire an fhaisnéis a chuir an Fhrainc agus an Ghearmáin ar fáil.

- (e) **Torthaí an phlé a rinneadh le linn chruinniú neamhfhoirmiúil na nAirí Teileachumarsáide (Horsens, an 9 agus an 10 Deireadh Fómhair 2025)** 15875/25
Faisnéis ón Uachtaránacht

Thug an Chomhairle dá haire an fhaisnéis a chuir an Uachtaránacht ar fáil.

- (f) **Fánaíocht idir an tAontas agus an Úcráin, an Mholdóiv agus na Balcáin Thiar – staid na himeartha** 16021/25
Faisnéis ón Uachtaránacht

Thug an Chomhairle dá haire an fhaisnéis a chuir an Uachtaránacht ar fáil.

- (g) **Tionscnaimh idirnáisiúnta sa réimse digiteach** 16048/25
Faisnéis ón gCoimisiún

Thug an Chomhairle dá haire an fhaisnéis a chuir an Coimisiún ar fáil.

- (h) **Cleachtadh do Threoirphlean Cibearshlándála** 16022/25
Faisnéis ón Uachtaránacht

Thug an Chomhairle dá haire an fhaisnéis a chuir an Uachtaránacht ar fáil.

- (i) **Trasnaíocht agus spúfáil na gCóras um Loingseoireacht Satailíte Dhomhanda (GNSS): i dtreo slándáil agus cosaint fheabhsaithe** 15986/25
Faisnéis ón Eastóin, ón bhFionlainn, ón nGearmáin, ón Laitvia, ón Liotuáin, ón bPolainn, ón tSeicia, ón tSlóivéin, ón tSlóvaic agus ón Spáinn

Thug an Chomhairle dá haire an fhaisnéis a chuir an Eastóin, an Fhionlainn, an Ghearmáin, an Laitvia, an Liotuáin, an Pholainn, an tSeicia, an tSlóvaic, an tSlóivéin agus an Spáinn ar fáil. Chuir an Bhulgáir in iúl ó bhéal go dtacaíonn sí leis an mír sin.

- (j) Frithdhróin: rannchuidiú na dteicneolaíochtaí digiteacha ó thaobh na mbonneagar criticiúil a chosaint
Faisnéis ón gCoimisiún 16128/25
- (k) Cinneadh Cur Chun Feidhme ón gComhairle lena n-údaraitear tacaíocht ó Chúltaca Cibearshlándála an Aontais le haghaidh na Moldóive
Faisnéis ón Uachtaránacht 16032/1/25 REV 1
- (l) Clár Oibre na hUachtaránachta nua
Faisnéis ón gCipir

-
- ❶ An chéad léamh
- ❷ Mír atá bunaithe ar thogra ón gCoimisiún
- ❸ Plé poiblí arna mholadh ag an Uachtaránacht (Airteagal 8(2) de Rialacha Nós Imeachta na Comhairle)
-

Ráitis a ghabhann leis na míreanna reachtacha ‘B’ a leagtar amach in 16020/25

Maidir le mír 2 ar liosta na míreanna ‘B’:

Treoir lena leasaítear Treoir 96/53/CE ón gComhairle lena leagtar síos na toisí údaraithe uasta agus na meáchain údaraithe uasta le haghaidh feithiclí bóthair áirithe
Cur chuige ginearálta

RÁITEAS ÓN mBEILG

‘Tacaíonn an Bheilg leis an gcur chuige ginearálta a chuir Uachtaránacht na Danmhairge i láthair, cé go bhfuil forchoimeádais thromchúiseacha againn fós maidir leis an tionchar ar bhonneagar. Beidh tacaíocht na Beilge don chomhréiteach deiridh a dtiocfaidh na comhrechtóirí air ag brath cé acu a chuirfear nó nach gcuirfear na hábhair inmí sin san áireamh. Is é tosaíocht na Beilge tús a chur leis an gcaibidlíocht le Parlaimint na hEorpa a luaithe is féidir. Cloch mhíle fhíor-riachtanach i ndíchárbónú an iompair de bhóthar agus i gcomhchuibhiú an iompair sin san Aontas Eorpach is ea an t-athbhreithniú ar an Treoir maidir le Meáchain agus Toisí.

Go háirithe, is é is aidhm don athbhreithniú an creat Eorpach atá ann faoi láthair le haghaidh ár bhfeithiclí earraí troma agus iomaíochas na n-oibríochtaí idirmhódúla agus na bhfeithiclí astaíochtaí nialasacha a chomhchuibhiú agus a neartú. Ciallaíonn sin, go háirithe, na huasteorainneacha meáchain a ardú le haghaidh cónaisc feithiclí áirithe agus tionchar na bhfeithiclí níos troime ar an mbonneagar á theorannú ag an am céanna. Le linn an phlé, d’áitigh an Bheilg, ar aon dul le Ballstáit eile, gur cheart forálacha na teorach nua a bheith comhoiriúnach le caomhnú ár mbóithre agus ár ndroichead. I ndáil leis an méid sin, is díol sásaimh don Bheilg gur coinníodh an fhoirmle droichid sa dréachtchur chuige ginearálta. Mar sin féin, tá forchoimeádais fós ann maidir leis an teorainn meáchain d’fheithiclí tridimeacha, nach dtugann na ráthaíochtaí is gá chun teorainn a chur leis an tionchar ar bhonneagar sa chomhréiteach atá ann faoi láthair. Chomhroinn an Bheilg togra malartach i ndáil leis an méid sin agus tá súil aici go gcuirfear san áireamh é sa chaibidlíocht atá ar na bacáin.

Ba mhaith leis an mBeilg leanúint de bheith ina comhpháirtí cuiditheach agus tacóidh sí go hiomlán leis an gcéad chéim eile den chaibidlíocht.’

RÁITEAS ÓN nGEARMÁIN

‘I ndáil leis an gcur chuige ginearálta maidir leis an togra lena leasaítear Treoir 96/53/CE ón gComhairle lena leagtar síos na toisí údaraithe uasta sa trácht náisiúnta agus idirnáisiúnta agus na meáchain údaraithe uasta sa trácht idirnáisiúnta le haghaidh feithiclí bóthair áirithe ag gluaiseacht sa Chomhphobal.

Is díol sásaimh don Rialtas Cónaidhme an comhréiteach ar ar thángthas agus aontaíonn sé leis an gcur chuige ginearálta. Díríodh an plé ar na príomhchuspóirí: an Treoir a shimpliú agus tacú ag an am céanna le glacadh feithiclí astaíochtaí nialasacha. Cuirtear béim shoiléir sa chur chuige ginearálta ar chur chun cinn na bhfeithiclí astaíochtaí nialasacha agus é á chur san áireamh go n-imríonn siad tionchar ar an mbonneagar de dheasca na saintréithe teicniúla áirithe atá acu. Inár mbarúil féin, tá cothromaíocht mhaith bainte amach sa téacs idir an dá ghné sin.

Déanann an Rialtas Cónaidhme an ráiteas seo a leanas chun cur leis an méid sin.

I gcás na bhfeithicil altach dar fad 17.88 m nó níos faide, ba mhian leis an Rialtas Cónaidhme teacht ar chomhaontú uile-Eorpach seachas réitigh náisiúnta aonaracha. Maidir leis an rogha go n-údarófaí seirbhísí tointeála dá n-úsáidtear feithicilí altacha níos faide ar an leibhéal náisiúnta, measann an Rialtas Cónaidhme gurb éigean dreasachtaí breise a chruthú chun infheistíochtaí a spreagadh i bhfeithicilí astaíochtaí nialasacha.’

RÁITEAS COMHPHÁIRTEACH ÓN SPÁINN AGUS ÓN bPORTAINGÉIL

‘Is mian leis an Spáinn agus leis an bPortaingéil a chur in iúl gur mór acu na hiarrachtaí a rinne an Uachtaránacht chun an chaibidlíocht i ndáil leis an athbhreithniú ar an Treoir maidir le Meáchain agus Toisí a chur chun cinn. Aithnímid na gnéithe dearfacha den téacs atá beartaithe, go háirithe na forálacha a thacaíonn le glacadh feithicilí astaíochtaí nialasacha, ar díol mór sásaimh dúinn iad.

San am céanna, is cúis inní dúinn i gcónaí nach dtugtar aghaidh go leordhóthanach sa chomhréiteach ar chuspóir bunúsach den athbhreithniú: margadh aonair dea-fheidhmiúil a áirithiú trí oibríochtaí trasteorann a chomhchuíbhiú. Leis an togra tosaigh ón gCoimisiún, cuireadh creat cothrom ar fáil, lena n-urramaítear inniúlacht na mBallstát méadú ó 40 go 44 thona a cheadú ar bhonn intíre agus lena n-áirithítear, dá ndéanfaí cinneadh den sórt sin, go mbeadh feidhm ag an teorainn chéanna maidir le iompar idirnáisiúnta. Bhí an choimirce sin fíor-riachtanach chun ilroinnt a sheachaint agus chun dálaí oibriúcháin comhionanna a áirithiú ar fud an Aontais.

Trí chur i bhfeidhm trasteorann teorainneacha meáchain níos airde a theorannú go heisiach d’fheithicilí tromshaothair astaíochtaí nialasacha — a bhfuil a láithreach sa fhliú fós an-teoranta — tá an baol ann go lagófar cuspóir comhchuíbhithe na Treorach leis an gcomhréiteach atá ann faoi láthair. Má údaraítear oibríochtaí 44 thona go hintíre ach mura gceadaítear iad go comhsheasmhach don iompar idirnáisiúnta, beidh ar oibreoirí aghaidh a thabhairt ar dhálaí neamhchothroma neamhéifeachtúla, rud a bhainfidh an bonn d’fheidhmiú an Mhargaidh Aonair.

Thairis sin, bheadh srian gan ghá ar na tairbhí eacnamaíocha agus comhshaoil a bhaineann le hoibríochtaí 44 thona. Trí oibriú ag 44 thona, laghdaítear an líon turas is gá le haghaidh an mhéid chéanna lasta, méadaítear éifeachtúlacht lóistíochta, agus laghdaítear astaíochtaí i gcomparáid leis an teorainn 40 tona. Is féidir leis cuidiú freisin chun an ganntanas tiománaithe a dhéanann difear don earnáil a mhaolú. Tá na buntáistí sin ábhartha go háirithe do Leithinis na hIbéire, áit a méadaíonn spleáchas ar iompar de bhóthar mar gheall ar nascacht lasta iarnróid teoranta leis an gcuid eile den Eoraip agus a fhágann go bhfuil gnóthachain éifeachtúlachta feithicilí ardoillte an-suntasach.

I bhfianaise na mbreithnithe sin, **níl an Spáinn ná an Phortaingéil in ann tacú leis an gCur Chuige Ginearálta atá beartaithe. Tá súil ag an dá thoscaireacht go bhfágfaidh an chaibidlíocht le Parlaimint na hEorpa go mbeifear in ann toradh a bhaint amach a bheidh níos comhsheasmhaí leis na prionsabail atá mar bhonn taca d’fheidhmiú an mhargaidh inmheánaigh.’**

Pacáiste ródacmhainneachta

Maidir le mír 3 ar liosta na míreanna ‘B’:

- (a) **Treoir maidir le tástálacha tréimhsiúla ródacmhainneachta (lena leasaítear Treoir 2014/45/AE) agus maidir le hiniúchtaí teicniúla cois bóthair (lena leasaítear Treoir 2014/47/AE)**
- (b) **Treoir maidir le doiciméid chlárúcháin le haghaidh feithiclí agus sonraí clárúcháin feithiclí (lena n-aisghairtear Treoir 1999/37/CE)**

Cur chuige ginearálta

RÁITEAS ÓN mBEILG

‘Tacaíonn an Bheilg den chuid is mó leis an bpacáiste agus formhuiníonn sí a cuspóirí maidir le sábháilteacht ar bhóithre, cáilíocht an aeir agus laghdú torainn. San am céanna, measaimid gur cheart leibhéal níos airde uailmhéine a léiriú sa téacs.

Go sonrach, ba mhaith linn dreasachtaí breise dearfacha neamhcheangailteacha a fheiceáil chun dul i ngleic leis an gciambhraiteacht, ós rud é gur teicníc éifeachtúil í agus dá bhrí sin, tá sé tábhachtach na Ballstáit a spreagadh chun úsáid a bhaint aisti.

Iarraimid freisin go mbeadh níos mó uailmhéine ann maidir le saincheist na calaoise odaiméadair. Creidimid go mbeadh tionchar dearfach díreach ag cur chuige níos láidre ar na milliúin saoránach de chuid an Aontais.

Ar deireadh, mholfaimis go gcoinneofaí aidhm bhunaidh an deimhnithe shealadaigh ródacmhainneachta trína úsáid a theorannú do shaoránaigh Eorpacha a bhfuil cónaí orthu thar lear agus a bhfuil feithiclí M1 á dtiomáint acu, seachas é a leathnú chuig úsáid ghairmiúil le feithiclí N1.

Tá an Bheilg ina comhpháirtí cuiditheach i gcónaí agus tacóidh sí go hiomlán leis an gcéad chéim eile den chaibidlíocht.’

RÁITEAS ÓN nGEARMÁIN

‘I ndáil leis an gcur chuige ginearálta maidir leis an togra le haghaidh Treoir maidir leis na doiciméid chlárúcháin le haghaidh feithiclí agus sonraí clárúcháin feithiclí arna dtaifeadadh i geláir náisiúnta feithiclí agus lena n-aisghairtear Treoir 1999/37/CE ón gComhairle (‘Treoir maidir le sonraí clárúcháin feithiclí’).

Is díol sásaimh don Rialtas Cónaidhme an comhréiteach ar ar thángthas agus aontaíonn sé leis an gcur chuige ginearálta. Is ábhar mórthábhachtach é digitiú na ndoiciméad feithicle agus tabharfaidh sé faoiseamh suntasach do shaoránaigh agus don gheilleagar sa mheántearma. Tá an Rialtas Cónaidhme i bhfách freisin le ceanglais aonfhoirmeacha a thabhairt isteach maidir le cláir náisiúnta feithiclí agus maidir le rialáil an mhalartaithe sonraí.

I gcásanna ceartsainithe, áfach, is é leas an Stáit an leas is tábhachtaí, ní an leas a thagann le comhchuibhiú an mhalartaithe sonraí idir na Ballstáit. Is é sin an cás nuair a dhéantar difear don ord poiblí nó don tslándáil phoiblí.

Luíonn sé le réasún, dá bhrí sin, go bhforálfaí d’eisceachtaí maidir le malartú sonraí in Airteagal 15(1) den Treoir maidir le clárú feithiclí, go baileach le haghaidh na gcásanna sin – níor cheart go mbeadh riosca slándála ag eascairt as an oibleagáid sonraí a bhailiú agus a stóráil.

Dá bhrí sin, is díol sásaimh don Rialtas Cónaidhme go ndíolmhaítear ón oibleagáid sonraí a mhalartú gach feithicil de chuid údarás poiblí atá freagrach as an ord poiblí agus an tslándáil phoiblí a choinneáil, lena n-áirítear feithicilí na bhfórsaí armtha agus na n-údarás custaim.

Ina theannta sin, is é a thuigeann an Rialtas Cónaidhme as Airteagal 15(1) go dtiteann sé ar Bhallstáit an Aontais, i bprionsabal, na cásanna nó na cásghrúpaí ábhartha a shainiú agus é a mheas, i ndáil le gach cásghrúpa, cé acu a chomhlíontar nó nach gcomhlíontar na coinníollacha maidir le díolúine don chásghrúpa sin ina iomláine. Dá bhrí sin, ní gá scrúdú feithicilsonrach a dhéanamh de réir an cháis.’

RÁITEAS ÓN LAITVIA

‘Tá an tsábháilteacht ar bhóithre ar cheann de phríomhthosaíochtaí na Laitvia i réimse an bheartais iompair. Dá bhrí sin, tacaíonn an Laitvia go láidir le cuspóirí an togra, eadhon, rannchuidiú le feabhas a chur ar leibhéal na sábháilteachta ar bhóithre agus na héiceolaíochta, na soghluaisteachta inbhuanaithe, chomh maith le saorghluaiseacht daoine agus earraí ar fud an Aontais Eorpaigh. Léirítear é sin le seasamh na Laitvia tacú le gnéithe a áirítear sa togra tosaigh ón gCoimisiún Eorpach, mar shampla tástálacha ródacmhainneachta níos minice le haghaidh seanfeithicilí, tástálacha ródacmhainneachta éigeantacha le haghaidh gluaisrothar, feithicilí tráchtála éadroma (catagóir N1) a chur faoi rialú teicniúil cois bóthair, chomh maith le modhanna nua rialaithe astaíochtaí (PN, NOx).

Mar sin féin, chun go mbainfear amach na cuspóirí sainithe leis an togra, **ní mór an creat a bheith soiléir, agus ní mór na ceanglais a bheith ag feidhmiú go praiticiúil.**

Mar gheall ar chomhar pragmatach le hUachtaránacht na Danmhairge, le Ballstáit eile agus leis an gCoimisiún Eorpach, moladh réiteach inghlactha maidir le líon mór gnéithe den Togra. Mar sin féin, maidir le roinnt saincheisteanna **atá tábhachtach don Laitvia**, níor baineadh amach an chothromaíocht is gá go fóill. I bhfianaise an mhéid thuasluaite, tarraingíonn an Laitvia aird ar roinnt bacainní praiticiúla maidir le noirm a chur i bhfeidhm a fhágann go bhfuil sé deacair tacú go hiomlán leis an leagan comhréitigh is déanaí den Togra.

Dá bhrí sin, **sa vótáil ar an gcur chuige ginearálta ag an gComhairle Iompair, Teileachumarsáide agus Fuinnimh an 4 Nollaig 2025, STAONANN an Laitvia ón vótáil.**

Tá míniú mionsonraithe ar sheasamh na Laitvia maidir leis na pointí nach féidir linn tacaíocht a thabhairt ina leith san Iarscríbhinn a ghabhann leis an Dearbhú seo.

Spríodhataí chun modhanna nua tástála astaíochtaí a thabhairt isteach: Tá an Laitvia ar cheann de bheagán Ballstát a ghlac nós imeachta tomhais líon na gcáithníní. Thóg sé 10 mbliana modh tástála a fhorbairt, trealamh riachtanach a sholáthar sa mhargadh agus an oiliúint riachtanach a dhéanamh. Ar an gcaoi chéanna, chun innill díosail nua agus NOx (ocsaídí nítrigine) a thástáil, níor cruthaíodh go fóill an modh is infheidhme sa chleachtas faoi dhálaí aeráide éagsúla san Eoraip, lena n-áirítear, agus atá tábhachtach i gcás na Laitvia — ag teochtaí faoi bhun -10 °C. Dá bhrí sin, is cúis inní don Laitvia a indéanta atá sé modh tástála éifeachtach is infheidhme go huilíoch a fhorbairt laistigh de 2 bhliain agus molann sí idirthréimhse 5 bliana ar a laghad tar éis an modh a fhorghabháil chun ullmhacht phraiticiúil a áirithiú.

Rialuithe tréimhsiúla NOx agus rialuithe NOx cois bóthair: Chun ionchais dhlisteanacha a áirithiú, ba cheart na spríodhataí maidir le rialacha, modhanna agus trealamh a chur chun feidhme a bheith comhionann le haghaidh tástálacha ródacmhainneachta agus iniúchtaí cois bóthair araon. Dá bhrí sin, measann an Laitvia gur gá foráil a dhéanamh freisin maidir le hidirthréimhse le haghaidh rialuithe NOx ar innill díosail le linn iniúchtaí teicniúla cois bóthair.

Faisnéis monaróirí agus rialú domhain ar chórais leictreonacha le huirlis anailíse DAB (*diagnóisic ar bord*): Tacaíonn an Laitvia leis go moltar sa togra an creat a thabhairt cothrom le dáta i bhfianaise forbairtí teicneolaíocha. San am céanna, chun fíorú éifeachtach na gceanglas a leagtar amach i nGrúpa 10 d'Iarscríbhinn I (córais slándála leictreonaí) a áirithiú, measann an Laitvia gur gá an teicneolaíocht sin a chur chun feidhme de réir a chéile agus treoirthionscadal a chur chun feidhme mar chéad chéim, agus ina dhiaidh sin is féidir measúnú a dhéanamh ar indéantacht agus éifeachtacht na teicneolaíochta fíorúcháin. Measann an Laitvia go bhfuil gá le gaireas tástála tiomnaithe, agus déanann sí é a áireamh mar cheanglas i raon feidhme Iarscríbhinn II agus spriocdháta 5 bliana ar leith a leagan síos lena chur chun feidhme.

Teorainn le haghaidh luachanna líon na gcáithníní: Leagann an Laitvia béim ar na rioscaí a bhaineann leis an laghdú atá beartaithe ar an tairseach do luachanna líon na gcaithníní gan idirthréimhse ón $1\,000\,000\text{ l/cm}^3$ atá molta faoi láthair go $250\,000\text{ l/cm}^3$. Mar réiteach níos iomchuí, feicimid idirthréimhse 2 bhliain le tairseach $1\,000\,000\text{ l/cm}^3$, agus ina dhiaidh sin d'fhéadfaí an tairseach a íslíú má chruthaítear úsáid na dteicneolaíochtaí sa chleachtas agus ar choinníoll go gcomhaontaíonn na Ballstáit leis an gcur chuige sin.

Deimhnithe agus pionóis shealadacha ródacmhainneachta: Tacaíonn an Laitvia leis an dul chun cinn i dtreo chreat an deimhnithe shealadaigh a chomhchuíbhiú. Mar sin féin, ós rud é go bhfuil córas ann faoi láthair ina bhfuil ceanglais éagsúla tástála ródacmhainneachta i mBallstáit éagsúla, tugaimid ar aire fadhbanna praiticiúla mar gheall ar easpa critéar coiteann agus easpa bailíochtaíthe choitinn. Ina theannta sin, ní chuireann an fhoclaíocht atá beartaithe teorainn shainráite le húsáid an deimhnithe shealadaigh, i.e. nár cheart é a úsáid ach amháin chun filleadh ar Bhallstát clárúcháin na feithicle chun an tástáil rialta ródacmhainneachta a dhéanamh, agus gan mhoill tar éis filleadh ar Bhallstát an chlárúcháin.

Cur i bhfeidhm pionós: Is cúis inní don Laitvia an ceanglas sainordaitheach pionóis a fhorchur as ionramháil córas feithicil le linn tástálacha ródacmhainneachta agus seiceálacha cois bóthair araon. Ós rud é nach ndéanann an dá chineál cigireachta measúnú ar na cúiseanna nach bhfuil suiteáil nó córas ag feidhmiú agus, thairis sin, an bhfuil nó an bhféadfadh na cúiseanna a bheith mar thoradh ar ionramháil, creidimid gur ceanglas dearbhaitheach é an ceanglas foráil a dhéanamh maidir le pionóis éifeachtacha san fhoclaíocht atá beartaithe agus nach bhfuil aon bhreisluach praiticiúil ag baint leis.?